

## Vóta 2020 agus Sinn Féin

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fheachtas Shinn Féin. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus ar na frásaí seo a bheidh le cloisteáil inti?

1. united \_\_\_\_\_
2. objectives \_\_\_\_\_
3. Mansion House \_\_\_\_\_
4. official launch \_\_\_\_\_
5. standing for/representing \_\_\_\_\_
6. radical change \_\_\_\_\_
7. controversial decision \_\_\_\_\_
8. legal advice \_\_\_\_\_
9. it's not fair \_\_\_\_\_
10. the polls \_\_\_\_\_



Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

### Ceist 2

Féach ar an mír den dara huair agus tabhair cúig phointe eolais don duine in aice leat faoina bhfaca tú.

### Ceist 3

Féach ar an mír arís. An bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach?

1. Tugtar léargas dúinn sa mhír ar na hathruithe móra a chuirfear i bhfeidhm sa tír má tá Sinn Féin i gcumhacht.
2. Tá príomhchuspóirí Shinn Féin á gclúdach go minic sna meáin.
3. Ní bheidh Sinn Féin ag glacadh páirt sa díospóireacht ar RTÉ.
4. Níl Pearse Doherty sásta le cinneadh RTÉ agus Virgin.
5. Tá tacaíocht an phobail do Shinn Féin ag dul i bhfeabhas sna pobalbhreitheanna.

**Ceist 4**

Féach ar na hiolraí seo d'ainmfhocail a bhí le cloisteáil sa mhír. An lagiolraí nó tréaniolraí iad? Mura bhfuil tú cinnte, féach san fhoclóir:

cuspóirí  
feachtais  
iarrthóirí  
olltoghchán  
páirtithe  
comhairleoirí  
dáilcheantair

Cuir foirm iolra na n-ainmfhocail sna bearnaí agus cuir in iúl cé acu lagiolra nó tréaniolra atá i gceist.

1. Nach bhfuil dath na \_\_\_\_\_ (bláth) sin go hálainn?
2. Chuir líon na \_\_\_\_\_ (gluaisteán) isteach go mór ar an trácht agus an oiread sin daoine ag tiomáint chuig an gcluiche.
3. Beidh díospóireacht na \_\_\_\_\_ (ceannaire) ar siúl amárach.
4. Bhí úinéir na \_\_\_\_\_ (cat) an-bhrónach nuair a bhásaigh an cat dubh.
5. Tá leithreas na \_\_\_\_\_ (fear) ansin ar chlé.
6. Cuireann ardchaighdeán na \_\_\_\_\_ (bialann) go mór leis an turasóireacht sa cheantar.
7. Bhí torann na \_\_\_\_\_ (cailín) chomh hard sin, níor éirigh le Seán dul a chodladh.
8. Tá praghas na \_\_\_\_\_ (teach) ag méadú gach bliain.

**Ceist 5**

Sinn Féin, Fianna Fáil agus Fine Gael

Cad is brí le teidil na bpáirtithe thuas?

**Ceist 6**

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An bhfuil sé tábhachtach vóta a chaitheamh in olltoghchán? Cén fáth?
2. Cén fáth nach gcaitheann daoine áirithe vóta, dar leat?
3. Cad a cheapann tú faoi chinneadh RTÉ agus Virgin – Fianna Fáil agus Fine Gael amháin a bheith acu don díospóireacht?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

1. united	<i>aontaithe</i>
2. objectives	<i>cuspóirí</i>
3. Mansion House	<i>Teach an Ardmhéara</i>
4. official launch	<i>lainseáil oifigiúil</i>
5. standing for/representing	<i>ag seasamh do</i>
6. radical change	<i>athrú radacach</i>
7. controversial decision	<i>cinneadh conspóideach</i>
8. legal advice	<i>comhairle dlí</i>
9. it's not fair	<i>níl sé féaráilte/tá sé míchothrom</i>
10. the polls	<i>na pobalbhreitheanna</i>

### Ceist 2

Féach an script.

### Ceist 3

1. Bréagach – luaitear go gcuirfidh Sinn Féin athrú mór i gcrích ach ní luaitear sonraí ar bith.
2. Bréagach – níl na meáin ag clúdach pholasaithe Shinn Féin, tá siad ag cur béime ar scéalta eile, faoi Paddy Holohan agus Sinn Féin a bheith as láthair sa díospóireacht.
3. Fíor.
4. Fíor.
5. Fíor.

### Ceist 4

cuspóirí (tréaniolra)  
feachtais (lagiolra)  
iarrthóirí (tréaniolra)  
olltoghchán (lagiolra)  
páirtithe (tréaniolra)  
comhairleoirí (tréaniolra)  
dáilcheantair (lagiolra)

1. Nach bhfuil dath na mbláthanna sin go hálainn? (tréaniolra)
2. Chuir líon na ngluaisteán isteach go mór ar an trácht agus an oiread sin daoine ag tiomáint chuig an gcluiche. (lagiolra)
3. Beidh díospóireacht na gceannairí ar siúl amárach. (tréaniolra)
4. Bhí úinéir na gcat an-bhrónach nuair a bhásaigh an cat dubh. (lagiolra)
5. Tá leithreas na bhfear ansin ar chlé. (lagiolra)
6. Cuireann ardchaighdeán na mbialann go mór leis an turasóireacht sa cheantar. (lagiolra)
7. Bhí torann na gcailíní chomh hard sin nár éirigh le Seán dul a chodladh. (tréaniolra)
8. Tá praghas na dtithe ag méadú gach bliain. (tréaniolra)

### Ceist 5

Sinn Féin – muid féin, ourselves  
Fianna Fáil – warriors/soldiers of destiny/Ireland  
Fine Gael – family/tribe of the Gaels

### Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

### **Siún Nic Gearailt**

Éire aontaithe, seirbhís náisiúnta sláinte agus athrú mór – na cuspóirí atá i gcoílár fheachtas olltoghcháin Shinn Féin. Is é sin a dúirt ceannaire an pháirtí, Mary Lou McDonald, agus í ag seoladh fheachtas an pháirtí sin inniu.

### **Caoimhe Ní Laighin**

Bhí cúis stairiúil le Teach an Ardmhéara i mBaile Átha Cliath a roghnú do lainseáil oifigiúil fheachtas Shinn Féin inniu.

### **Mary Lou McDonald, Uachtarán Shinn Féin**

Fáilte mhór romhaibh chun an teach stairiúil seo. Fáilte speisialta roimh na hiarrthóirí uile atá ag seasamh san olltoghchán – ag seasamh do Shinn Féin, ag seasamh don phobal agus ag seasamh ar son na poblachta, mar a sheas siad anseo bliain agus céad ó shin.

### **Caoimhe Ní Laighin**

Beidh an páirtí ag díriú ar Éire a aontú, ar sheirbhís náisiúnta sláinte a bhunú agus ar athrú radacach a thabhairt isteach, má fhaigheann siad deis a bheith i gcumhacht, a deir siad. Ach, den dara huair i rith fheachtas Shinn Féin – den chéad uair tharla sé leis an gcomhairleoir, Paddy Holohan – bhí aird na meán dírithe ar ábhar eile, seachas ar phríomhchuspóirí an pháirtí.

An uair seo bhíodar ag díriú ar chinneadh conspóideach RTÉ agus Virgin, gan cead a thabhairt do Shinn Féin páirt a ghlacadh i ndíospóireacht na gceannairí.

### **Pearse Doherty, Sinn Féin**

Tá comhairle dlí faighte againn. Síleann muidne go bhfuil sé míchothrom agus nach bhfuil sé féarálte go bhfuil siad ag réachtáil díospóireacht leis an dá pháirtí, Fine Gael agus Fianna Fáil.

### **Caoimhe Ní Laighin**

Tá 42 iarrthóir ag Sinn Féin i 38 dailcheantar. Léiríonn na pobalbhreitheanna is deireanaí go bhfuil laghdú ag teacht ar an mbearna idir Sinn Féin agus Fianna Fáil/Fine Gael.

Caoimhe Ní Laighin, Vóta 2020